

Biseach

Fómhar 1979

IRIS CHUMANN FORBARTHA CHOIS FHARRAIGE

Praghas 50p

EAGARFHOCAI

Seo chugaibh eagrán nua de Bhiseach, iris Chumann Forbartha Chois Fharraige (Coiste Paráiste an Chnoic). Is é an aidhm atá ag Biseach soiscéal agus obair an Chumann Forbartha a chur os comhair an phobail, chomh maith le filíocht, seanchas, agus béaloideas na háite a chur ar pháipéar. Níor foilsíodh aon eagrán de Bhiseach le roinnt bliain ach ní hionann sin agus a rá nach raibh an Cumann ag obair.

Is iomaí duais atá buaite ag Paráiste an Chnoic i gComórtas Ghlór na nGael ó bunaíodh an Cumann Forbartha i 1966. Is iomaí Coiste de Choistí gníomhacha an Pharáiste a d'fhás as an gCumann Forbartha. Bhí sé ar cheann de na chéad Choistí Paráiste Gaeltachta a d'éiligh Údarás Gaeltachta. Ba shin i 1969. I 1970 socraíodh go mbeadh vóta i dtogha an Chumann Forbartha ag chuile dhuine os cionn ocht mbliana déag ins an bParáiste. Sin mar atá ó shin. Ba é Cumann Forbartha Chois Fharraige a thug Coistí Áitiúla Chonamara le chéile ar an gCeathrú Rua i 1971 agus ba shin é an cruinniú ag ar bunaíodh Comhchoiste Ghaeltacht Chonamara.

Níl greim ag aon pháirtí ná ag aon ghrúpa polaitíochta ar an gCumann Forbartha. Tá daoine ann a bhfuil baint acu le polaitíocht ach úsáideann siad an Cumann ar mhaithe le leas na háite, ní ar mhaithe lena leas polaitiúil féin. Is creidiúint do bhaill an Chumainn gur amhlaidh atá.

Tá súil againn nach ins an mbaile amháin a léifear an páipéar seo ach ins chuile áit in Éirinn agus thar lear a bhfuil muintir an cheantair curtha fúthu. Go deimhin, tá súil againn go mbeidh glaoch níos fearr ar an eagrán seo ná mar a bhí ar na heagrán eile. Sé an chéad eagrán é atá dhá clóbhualadh i gClóllann Chomharchumann Chois Fharraige, clóllann nach raibh ann nuair a foilsíodh an t-eagrán deiridh. Seo an chéad uair againn pictiúirí a chur ann, pictiúirí a n-uirfeas cuid agaibh siar ar bhóithrín na smaointe.

Is é an Biseach a cheanglaíonn an sean agus an nua agus inneach an Pharáiste.

Cumann Forbartha Chois Fharraige,
Chiontáil ag Clódóirí Lurgan,

PÁDRAIC MAC AN IOMAIRE

Cor na Róin

Indreabhán



Grósaer, Éadaitheoir

Crua-earraí, Ergas

Fón 73111



Fir

THE HAIRNET



Mná

le haghaidh na faisean gruaige
is déanaí

Uaireanta Oibre

Luan – Déardaoin 10 a.m. – 6 p.m.

Aoine – Satharn 10 a.m. – 7 p.m.

Déan Coinne Fón: 73126

CLÚDACH: Máirtín Ó Cadhain. Pléifear tionchar an bhéal-oidis ar a shaothar le linn Éigse Chois Fharraige.

An Cumann Forbartha

Dá mbeadh an oiread le taispeáint ag chuile chumann forbartha sa nGaeltacht is atá le taispeáint ag an gCumann seo againne ar obair na trí bliana déag seo caite ní bheadh cailleadh ar bith ar an nGaeltacht. Is iomaí cor atá tagtha ar an saol ón am ar bunaíodh an Cumann Forbartha i mí na Márta 1966.

Bhí sé de thoradh ar obair an Chumainn seo gur tugadh daoine as chuile bhaile sa taobh seo den pharáiste le chéile ag obair saor in aisce ar son leas na háite. D'fhás cumainn eile as agus dá bharr agus leanadh a shampla. Ní léir dom aon choiste ná cumann a thug an oiread seirbhíse do Chois Fharraige is a thug an cumann seo.

An tSeanscoil

Ba mhór an náire seanscoil an Chnoic i ndeireadh na seascaidí. Ba chontúirt do shláinte na ngasúr agus na múinteoirí a bheith istigh inti tríd an ngeimhreadh. Dhúisigh an Cumann Forbartha na húdaráis le scoil

nua a dhéanamh ar an sliabhán agus b'iontach mar a sheas tuismitheoirí leis an gCumann agus le Coiste na dTuismitheoirí i gcaitheamh an achair agóide.

Go deimhin, is mór an ghráin an tseanscoil fós ach deamhan neart a bhí ag an gCumann Forbartha air mar bhí orainn úinéireacht a aistriú ó na seanúinéirí (An tArd-Easpag agus an Roinn Oideachais) agus an scoil agus an talamh atá ag dul léi a fháil in ainm an Chumainn agus triúr sagart ón Ard-deoise. Tá cead pleanála fáighte anois le Ionad Ceardaíochta agus Sóisialta a dhéanamh di. Tá an plean dá phlé le Gaeltarra faoi láthair agus tá súil againn go mbeidh an obair ag tosaí go luath. Is mór an lear airgid a

Ar lean. ar lch. 20



Seán Ó Floinn, Guinness Group Sales Ltd., ag bronnadh seic £400 ar Sheosamh Ó Neachtain, Cathaoirleach Chumann Forbartha Chois Fharraige ar phleanáil agus forbairt áiseanna turasóireachta i Seáim Forbartha Pobal Ghaeltarra Éireann 1976. In éindigh leo tá Tadhg Ó Curraoin, Rúnaí an Chumainn Fhorbartha, agus Cathal Mac Gabhainn, Bainisteoir Ginearálta Ghaeltarra Éireann.